

## FOLÚNTAS

Tá duine cumasach á lorg d'Ionad Diaspora na Gaeltachta chun dul i mbun clár oibre leathan chun freastal ar riachtanais agus féidearthachtaí na bpobal Gaeltachta maidir lena gceangal le mór diaspóra domhanda na Gaeltachta atá scaipthe ar fud na cruinne.

Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, Co. na Gaillimhe, fostóir comhionannais deiseanna agus is conradh dhá bhliain a bheidh i gceist.

### **Príomhdhualgais an ról:**

- Taighde ar réimse ábhair maidir le cúrsaí ginealas na Gaeltachta,
- Taighde ar réimse ábhair maidir le stair áitiúil na gceantar Gaeltachta,
- Taighde ar réimse ábhair atá sonrach don diaspóra Gaeltachta,
- Clár oiliúna agus faisnéise agus seimineáir bunaithe thimpeall ar an diaspóra Gaeltachta a eagrú agus a reáchtáil,
- Tacú le forbairt agus cur chun cinn an ionaid léirmhíniúcháin ag Ionad Diaspora na Gaeltachta,
- Ceangail a chruthú agus a chothú leis an diaspóra Gaeltachta,
- Forbairt agus bainistiú ar suíomh idirlín Ionad Diaspora na Gaeltachta,
- Siopa ar líne don diaspóra a fhorbairt agus a reáchtáil.

### **Tréithe Riachtanacha:**

- Cáilíocht ábhartha (ar a laghad leibhéal 6 faoin gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) sa nGinealas, Stair, nó réimse ábhartha eile,
- Tuiscint mhaith ar chúrsaí diaspora, go háirithe ó thaobh na seacht gceantar Gaeltachta,
- Taithí i mbun taighde agus ag cur tuairiscí le chéile,
- Scileanna cumarsáide den chéad scoth, labhartha agus scríofa (i nGaeilge agus i mBéarla),
- Ábalta obair a eagrú agus a dhéanamh in ord tosaíochta go héifeachtach,
- Ábalta a bheith ag obair go héifeachtach mar bhall foirne agus as a stuaim féin,
- Taithí phroifisiúnta sna bogearraí Word, Excel, PowerPoint.

Post lánaimseartha 37 uair an chloig sa tseachtain atá i gceist, ach mar gheall ar nádúr na hoibre, beidh cuid de na huaireanta sin le comhlíonadh taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Tá tuarastal €30,000 sa bhliain ag dul leis an bpost seo agus is in Ionad na nImirceach, Carna a bheidh an post lonnaithe.

Ba chóir iarratas mar aon le CV a sheoladh chuig [ionaddiaspora@gmail.com](mailto:ionaddiaspora@gmail.com).

Is é Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair ag 5in an spriocdháta d'iarratais.